

GAELSCOIL NAOMH PÁDRAIG
FÓGRA BLIANTÚIL MAIDIR LE LIGEAN ISTEACH
i dtaca le ligean isteach i scoilbhliain 2025/26

Polasaí um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais

Tá cóip de **Pholasaí na scoile um Ligean Isteach agus Foirm Iarratais um Ligean Isteach** do 2025/26 ar fáil ar na bealaí seo a leanas: –

Le híoslódáil ag: www.gsnp.ie . Cliceáil ar: Ár scoil, ansin cliceáil ar: Polasaithe scoile

Ar fáil má lorgaíonn tú cóip ó oifig na scoile @ oifig.gsnp@gmail.com nó:

Má lorgaíonn tú cóip tríd litir a scríobh chuig an seoladh seo a leanas: Gaelscoil Naomh Pádraig, Bóthar an Chaisleáin, Leamhcán, Contae Átha Cliath

Foirm Iarratais: Beidh an fhoirm iarratas **beo** ón **01/10/24 - 31/10/24**. Beidh sé ar fáil má bhrúnn tú ar an nasc seo a leanas (Nuair a osclaíonn an nasc, is féidir leat tabhairt faoin iarratas a líonadh isteach ar líne):

Leagan Gaeilge: <https://www.aladdin.ie/i/5590835649839104?lang=ga>

Leagan Béarla: <http://www.aladdin.ie/i/5590835649839104>

CUID 1 - Ligean isteach i scoilbhliain 2023-2024

Dátaí Iarratais agus Cinnidh i gcomhair ligean isteach in 2023-2024

Is iad seo a leanas na dátaí is infheidhme maidir le ligean isteach sna Naíonáin Shóisearacha:

Tosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	01-10-24
Stopfaidh an scoil ag glacadh le hiarratais i gcomhair ligean isteach ar	31-10-24
Is é an dáta faoina gcuirfear an cinneadh maidir lena n-iarratas in iúl d'iarratasóirí ná	11-11-24
Is í an tréimhse nach mór d'iarratasóirí a dheimhniú go bhfuil siad ag glacadh le tairiscint ar ligean isteach laistigh di ná	18-11-24

Nóta: Measfaidh an scoil iarratais dhéanacha agus eiseoidh cinntí orthu de réir polasaí iontrála na scoile.

***Mura nglactar le tairiscint taobh istigh den am atá leagtha síos thuas, d'fhéadfaí an tairiscint a tharraingt siar**

Líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil i nGaelscoil Naomh Pádraig:

Is é líon na n-áiteanna atá á gcur ar fáil sna Naíonáin Shóisearacha ná	60
---	-----------

Comhoibreoidh Gaelscoil Naomh Pádraig leis an CNOS i gcomhlíonadh feidhmeanna na Comhairle faoin Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 2004 maidir le soláthar oideachais do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, lena n-áirítear soláthar agus feidhmiú rang nó ranganna speisialta nuair a iarrann an Chomhairle a leithéid. Comhlíonfaidh Gaelscoil Naomh Pádraig le haon ordúchán a sheirbheálfar ar an mbord nó ar an bpátrún faoi alt 37A agus 67(4)(b).